Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16437/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0420(COD)**

**TRANS 582**
**RELEX 1433**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Comhaontú ardleibhéil idir an tAontas agus an Úcráin agus idir an tAontas agus Poblacht na Moldóive maidir le hoiriúnú a dhéanamh ar léarscáileanna táscacha na dtíortha comharsanacha de réir bhrí Airteagal 49(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (Rialachán TEN-T)<br>- Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil |

1. An 30 Eanáir 2023, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht[1] i ndáil le comhaontú ardleibhéil idir an tAontas agus an Úcráin agus idir an tAontas agus Poblacht na Moldóive maidir leis na gréasáin bonneagair iompair chun go nglacfar, tar éis an ionstraim neamhcheangailteach sin a bheith sínithe, gníomh tarmligthe lena ndéanfar na léarscáileanna táscacha reatha de thíortha comharsanacha a oiriúnú de réir bhrí Airteagal 49(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (Rialachán TEN-T).

2. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún téacsanna na gcomhaontuithe ardleibhéil agus na dréacht-léarscáileanna, mar a caibidlíodh iad, faoi bhráid na Meithle um Iompar – Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin an 15 Meán Fómhair 2023. Ag an gcruinniú sin den Mheitheal, d'iarr Ballstát amháin go ndéanfaí modhnuithe chun tábhacht an naisc iarnróid idir Lublin-Dorohusk-Korosten-Cív a léiriú ar bhealach níos fearr.

[1] ST 5213/23.

3. Dá bharr sin, d'oscail an Coimisiún an athuair an chaibidlíocht a tugadh i gcrích, agus cuireadh an t-athrú a iarradh ag an cruinniú a bhí an Meitheal an 15 Meán Fómhair san áireamh.

4. Chuir an Coimisiún na dréacht-chomhaontuithe ardleibhéil faoi bhráid na Meithle an 8 Nollaig 2023[2]. Ní dhearna na toscaireachtaí agóid i gcoinne shíniú na gcomhaontuithe ardleibhéil atá i dtrácht ag an gcruinniú sin.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle síniú na gcomhaontuithe ardleibhéil, mar a leagtar amach in ST 16438/23 agus ST 16439/23 iad, a údarú.

---

[2] ST 16260.